# Árais Máithreacha agus Naíonán

Aonad 3

## Gníomhaíocht 5

Dearcthaí ar an scoil

### Julia Carter, páiste/cailín aimsire/garraíodóir in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama

Ar an ábhar gurb as áras dom, chuir sé isteach ar m'intinn ar scoil, ní raibh mé in ann an oiread sin a thógáil isteach agus a bheadh páiste eile in ann, níor thuig mé rudaí i gceart.

Ní raibh mé in aon áit riamh ach amháin an deasc ar cúl, ceapadh go raibh mé dúr.

Dá mbeadh aon rud ar iarraidh ón rang sa [bhun]scoil, chuirfidís an milleán ar na cailíní ón áras i gcónaí.

D'iarr an Mháthair[-Uachtarán] Hortense ar mhná rialta na Trócaire mé a ligean isteach sa mheánscoil, bhí cineál uasal le híseal i gceist leis an gcinneadh mé a ligean isteach.

Bhí an ghráin uafásach ag [an tSiúr Raphael] orm ar an ábhar gurb as an áras dom. B'fhuath léi mé agus phioc sí orm. Tá sí curtha in aice leis an Ardeaglais, agus blianta ina dhiaidh agus mé ag dul thar bráid, chuirinn amach mo theanga i dtreo a huaighe!

Bhí cailín sa mheánscoil a bhí an-chairdiúil liom, sílim gurbh as an mBearna Dhearg nó áit éigin di, agus dúirt an tSiúr Attracta léi 'Nach dtiocfá leat cara eile a dhéanamh in áit Julia Carter?'

Ba dheacair cairde a dhéanamh, bhíodh cara uaim go mór i gcónaí...

### P.J. Haverty, páiste a rugadh in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama

Is gearr iad na cuimhní cinn faoin áras. Ach is é an rud is cuimhin liom thar aon rud eile... ag máirseáil síos chun na scoile i mbeirteanna. Agus ag máirseáil ar ais tráthnóna agus sinn curtha faoi ghlas arís. Agus smaoiním ar pháistí ar an taobh amuigh: bhí siad bocht, míshásta chomh maith ... ach bhí an tsaoirse acu a bheith ag rith thart, súgradh le páistí na gcomharsan agus é sin ar fad.

An dtuigeann tú, nuair a théimis ar scoil, bhíodh orainn dul deich nóiméad déanach ar maidin, imeacht deich nóiméad go luath sa tráthnóna arís, mar sin ní bhímis ag dul isteach in éineacht le páistí eile ná ag caint leo. Agus bhíodh tú scartha amach leat féin sa chlós súgartha. Ní raibh cead agat a bheith ag súgradh leis na páistí eile. Chuirtí bagairt ar na páistí eile go fiú, dá dtagaidís isteach déanach ar maidin, go gcuirfí ina suí taobh linne iad. Samhlaigh sin! D'fhaighidís clabhta ar an lámh ón múinteoir le bataí ar ndóigh, ach ba é an rud ba mheasa ná go mbíodh orthu a bheith ag suí linn.

Anois, níor teagascadh aon rud dúinn, bhíomar inar suí ansin amhail is gur liúdramáin muid.

### Catherine Corless, staraí, údar agus gníomhaí

D'fhreastail mé féin agus mo dheirfiúr Máire ar bhunscoil Chlochar na Trócaire [i dTuaim]... deich nóiméad ina dhiaidh sin, mar a bhí sa ghnás laethúil, thagadh naíonáin an árais. Bhreathnaínn orthu agus iad ag siúl isteach go spadánta, duine i ndiaidh duine, lena gcinn cromtha, clic cleaic a mbróga durnáin ag cnagadh in aghaidh an urláir, agus iad ag cur fúthu ar chúl an ranga. ... Níor ghlaoigh an múinteoir orthu riamh. Cheapfá nach raibh siad ann fiú.

Bhí tionchar ar leith ag an scaradh, an leithscaradh, ar ár n-aigne óga somhúnlaithe. Bhreathnaigh muid orthu mar pháistí 'difriúla'. Teagascadh dúinn nárbh ionann iad.

Nuair a chríochnaíodh an rang, d'imíodh naíonáin an árais ar dtús mar ba ghnáth.